

# Ollscoil na hÉireann, Gaillimh

Scrúduithe Sheimeastar I, 2004/2005

Cód Scrúdaithe	1CF1
Scrúdú	Ard-Diplóma i gCumarsáid Fheidhmeach
Códmodúil	LW802
Modúl	Dlí 1
Uimhir Pháipéir	1
Scrúdaitheoirí Inmheánacha	Pádraig Ó Héalaí Aodh Ó Coileáin
Treoracha	Trí cheist le freagairt. Tá gach ceist ar chomh-mharc. 25 marc ar fad.
Fad Páipéir	Trí huairé an chloig a cheadófar.
Líon freagarleabhar	1
Comhordaitheoir	Brian Ó Donnchadha

1. Tá an Dlí Coitinn bunaithe ar theoiric an fhasaigh. Déan cur síos ar roinnt cásanna a bhaineann leis na meáin chumarsáide agus a tháinig os comhair cúirte sa tír seo.
  
2. Tugann Bunreacht na hÉireann, 1937, cearta áirithe do lucht na meán cumarsáide. Cuirtear srian, áfach, leis na cearta seo chun páirtithe eile a chosaint. Ag tagairt do na hairteagail chuí, déan achoimre ar an gcaoi a mbaineann an Bunreacht le lucht na meán cumarsáide.
  
3. Cén tábhacht a bhaineann leis an gCoinbhinsiún Eorpach um Chearta an Duine ó thaobh na craoltóireachta de. Déan tagairt i do fhreagra don chaoi a dtéann an Coinbhinsiún i bhfeidhm ar an dlí anseo in Éirinn. Cén difríocht a dhein an tAcht um Choinbhinsiún Eorpach um Chearta an Duine, 2003?
  
4. Déan cur síos ar thuairisceoireacht ó na cúirteanna, ag tagairt do thrí cinn do na gnéithe seo a leanas:
  - (i) Dea-thuairisciú cúirte/scéal a insint
  - (ii) Dlí na Breataine agus na hÉireann
  - (iii) Réamhscrúduithe
  - (iv) Cionta a bhaineann le héigniú
  - (v) An Biúró um Shócmhainní Coiriúla



5. Déan cur síos ar cheann acu seo leanas:
  - (a) An chaoi a bhfearann an Dlí Eorpach ar chraoltóirí.
  
  - (b) An Próiseas ina ndéanann Oireachtas Éireann reachtaíocht.